**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)**

**12187/22**

**CDR 110**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 30 Lúnasa 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Peter Sønderby Westphal SØRENSEN, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12119/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Peter Sønderby Westphal SØRENSEN, mhol Rialtas na Danmhairge[2] Kasper Egede GLYNGØ, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus sainordú toghchánach aige in údarás áitiúil, *Byrådsmedlem, Hedensted Kommune* (comhalta de Chomhairle Cathrach, Bhardas *Hedensted*), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 12184/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 12121/22.